



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007

EOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

(N.B. Ní d'Iarrthóirí Eolaíochta – Staidéar Áitiúil é seo)

DÉARDAOIN, 14 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go 12.00

Tá **ROIINN A** ar bھileog faoi leith ar a bhfuil spásanna do do chuid freagraí.
Ba chóir go mbeadh an bھileog chomhlánaithe sin faoi iamh i do fhreagarleabhar.

NA RANNA B, C, D, E

Ba chóir go bhfreagrófaí na Ranna seo i do fhreagarleabhar.

Freagair **AON** cheist **AMHÁIN** as gach ceann de na Ranna **B, C agus D**.


Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

Freagair **DHÁ** cheist as **Roinn E**. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

ROIINN B - FISIC (48 marc)

Freagair Ceist 4 nó Ceist 5.

4. (a)



Luaigh dlí an luamhán.

(9)

Crochadh an mhéadarshlat, a thaispeántar sa léaráid, óna mheáchanlár ag an marc 50 cm. Crochadh trí mheáchan ón tslat, mar a thaispeántar, agus bhí an tslat i gcothromáiocht go cothrománach ansin.

Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

(6)

Ríomh meáchan X. Taispeán do chuid áirimh go soiléir.

(15)


[Thall]

- (b) Rinne mac léinn toirt phráta a thomhas leis an ngaireas a thaispeántar.
Ainmnigh na *rudaí* A agus B. (6)

Conas a d'fhéadfadh an mac léinn *mais* an phráta a thomhas? (3)


Fuarthas amach gurbh é *mais* an phráta ná 175 g agus a thoirt ná 125 cm³.

Ríomh *dlús* an phráta. (9)



5. (a) Sa léaráid taispeántar compás maighnéadach, agus barramhaighnéad le líne réimse mhaighnéadaigh. Úsáideadh an compás seo chun líne a bhreacadh.

Conas a *oirbríonn* compás maighnéadach? (6)



Cén fáth a bhféadtar compáis mhaighnéadacha a úsáid le haghaidh *loingseoireachta*? (6)

Déan cur síos ar an tstí ar úsáideadh an compás, nó modh eile, chun líne an réimse mhaighnéadaigh a thaispeántar, a bhreacadh. (9)

- (b) Cad is *sruth leictreach* ann? (6)

Ainmnigh *substaint* nach seolann sruth leictreach. (3)

Tabhair breac-chuntas ar thurgnamh chun an *iarmhairt* cheimiceach ag sruth leictreach a thaispeánt. Bain úsáid as léaráid lipéadaithe. (9)

Tá ceithre ‘dhóire’ ag an iarta i gcócaireán leictreach. Nuair a chastar ar siúl na ceithre ‘dhóire’ go léir le chéile, is é an grádú cumhachta ná 6.9 kW. Cad é an *sruth* a théann isteach san iarta nuair a chastar ar siúl gach ceann de na ceithre ‘dhóire’, más é an voltas soláthair ná 230 V? (9)

ROINN C - CEIMIC (48 marc)

Freagair Ceist 6 **nó** Ceist 7.


6. (a) Sa léaráid taispeántar gaireas a úsáidtear chun dé-ocsaíd charbón a ullmhú i saotharlann scoile.

Scríobh *cóthromóid cheimiceach* don imoibriúchán a tharlaíonn. (6)

Cén fáth ar féidir dé-ocsaíd charbón a *bhailiú* sa tslí a thaispeántar sa léaráid? (3)

Tabhair *tástáil cheimiceach* le haghaidh dé-ocsaíd charbón. (6)


Déan léaráid agus taispeáin ann an *nascadh comhfhíúsach*, idir an t-adamh carbón agus an dá adamh ocsaigine, i móilín dé-ocsaíd charbón. (9)



- (b) Sa ghrianghraif taispeántar ionad cumhactha a dhónn gual. Sa deatach (sna hastúcháin) a scaoiltear san aer, tá dé-ocsaíd charbón agus dé-ocsaíd sulfair.

Cad a tharlaíonn nuair a *imoibríonn* na gáis seo le galuisce san aer? (3)

Tabhair **dhá** shampa de na *hiarmhairtí* atá ag táirgí an imoibriúchán seo ar an gcomhshaoil (an timpeallacht). (6)



- (c) Déan cur síos, agus léaráid lipéadaithe á húsáid agat, ar an tslí a bhféadtar úsáid a bhaint as imoibriúchán ceimiceach chun *sruth leictreach* a tháirgeadh. (12)

Ainmnigh táirge tomhaltais, a fhaigheann cumhacht ó cheallra nó ó chill agus é bunaithe ar imoibriúchán ceimiceach. (3)

[Thall]


7. (a) Sa léaráid taispeántar an leagan amach a úsáideadh chun salann a ullmhú, trí bhun a neodrú trí aigéad a chur leis. Más é clóiríd sóidiam an salann atá le hullmhú agus más aigéad hidreaclórach an t-aigéad, ainmnigh bun oiriúnach.

Ainmnigh na *rudaí* A agus B.


Cad a *chuirtear leis* an mbun chun a thaispeáint go bhfuil an *neodrúchán* críochnaithe?

Scríobh *cothromóid* don neodrúchán seo.

Cad a chaithfear a dhéanamh leis an tuaslagán neodrach, ag deireadh an turgnaimh, chun criostail *salainn éadathacha* a fháil?



- (b) Rinne mac léinn fiosrú ar na coinníollacha atá riachtanach le haghaidh meirgíú tairní iarainn, trí úsáid a bhaint as an turgnamh a thaispeántar sa léaráid. Cuireadh dhá thairne iarainn i ngach ceann de thrí phromhadán le coinníollacha difriúla i ngach ceann díobh.



Ainmnigh na *leachtanna* P agus Q i bpromhadán B.

Cén fáth a n-úsáidtear an **dá leacht** seo?

(9)

Ainmnigh solad R i bpromhadán C agus tabhair an *fheidhm* atá aige.

(6)

Cén *toradh* a mbeifeá ag súil leis ón turgnamh seo, i.e. cé acu promhadán díobh ar mheirgigh na tairní ann / iontu *nó* cé acu ceann/cinn nár mheirgigh? (3)

Cén *cinneadh* a fhéadann tú a dhéanamh de bharr thoradh an turgnaimh seo? (3)


Is creimeadh iarainn é meirgíú. Má nochtaítear iarann, nó miotal éigin eile, do na coinníollacha atá riachtanach chun go dtarlódh creimeadh, mar a bhí sa turgnamh thuas, cén *toisc eile* a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar ráta an chreimthe? (3)

ROINN D - BITHEOLAÍOCHT (48 marc)

Freagair Ceist 8 **nó** Ceist 9.

8. (a) Sa léaráid taispeántar súil.

Tabhair *ainm agus feidhm*
gach cuid atá lipéadaithe:
A, B agus C.



(18)

(6)

Idirdhealaigh idir néaróga *céadfacha*
agus néaróga *luadracha*.

- (b) Tá dhá *chonair ar leith* le
haghaidh na fola inár gcorp.
Tá conair trínár *scamhóga* agus
conair tríd an *gcuid eile d'ár gcorp*.
Gabhann fuil tríd an *gcroí dhá*
uair in imshruthú iomlán amháin.

Fuil ón gcorp
(gan scamhóga
san áireamh)

Go dtí
na scamhóga

Go dtí
an corp

Ó na
scamhóga

- (i) Tabhair *cúis* leis an imshruthú
'dúbailte' fola seo. (6)

- (ii) Ainmnigh na *seoimríní* a dtéann
an fhuil ar ais iontu sula ndéantar
í a phumpáil amach arís. (3)



- (iii) Tá ceithre *chomhla* sa chroí. Cén ról a ghlacann na comhláí seo in obair
phumpála an chroí? (6)

- (iv) Déan comparáid idir *struchtúr* na bhfuileadán a iompraíonn an fhuil *ón gcroí*
agus *struchtúr* na bhfuileadán a iompraíonn an fhuil *go dtí an croí*.
Tabhair **dhá** dhifríocht eatarthu. (6)

- (v) Tabhair slí **amháin** chun *aire a thabhairt do do chroí*. (3)

[Thall]

9. (a) Sa ghrianghraf taispeántar duilleog le solas ag teacht óna chúl (aislasta). Bíonn duilleoga an-tanaí.



(i) Cén fáth a bhfuil *achar mór dromchla* ag duilleoga agus cén fáth a bhfuil siad *an-tanaí?* (6)

(ii) Ainmnigh *dhá phróiseas* a tharlaíonn sa duilleog. (6)

(iii) Roghnaigh ceann **amháin** de na *próisis* atá ainmnithe agat agus déan cur síos ar *thurgnamh* chun é a léiriú, le léaráid lipéadaithe á húsáid agat. (12)

(b) (i) Ainmnigh **trí chomhábhar** atá in *ithir* mhaith thorthúil. (9)

(ii) Déan cur síos ar *thurgnamh* chun ceann **amháin** díobh seo a leanas a fhiosrú:

- An pH ag sampla ithreach
- Láithreacht micreá-orgánach in *ithir*
- Méid an húmais in *ithir*. (9)

(iii) Tabhair **dhá** shlí ina bhféadaimid ár dtimpeallacht *a chosaint ón truailliú.* (6)


ROIINN E - EOLAÍOCHT FHEIDHMEACH (72 marc)

Freagair DHÁ cheist as an roinn seo.

10. DOMHANEOLAÍOCHT.


Freagair dhá cheann ar bith díobh seo a leanas, (a), (b), (c).

- (a) Sa ghrianghraif taispeántar an pláinéad Saturn. Roghnaigh pláinéad amháin; is féidir leat Saturn a roghnú más maith leat. Cuir an pláinéad i gcomparáid leis an Domhan maidir le
 (i) méid, (ii) fad ón ngrian,
 (iii) teocht an dromchla,
 (iv) imtharraingt ar an dromchla. (12)




Tabhair dhá chúis ar féidir leis an Domhan beatha a chothú? (6)

- (b) Sa léaráid taispeántar higriméadar (taismhéadar) fliuch is tirim. Úsáidtear an gléas seo chun bogthaise a thomhas. Tá dhá theirmiméadar mearcair-i-ngloine ann, ceann amháin tirim agus an dara ceann fliuch. Taistealaíonn an t-uisce aníos ar éadach go dtí an bolgán fliuch. Baintear úsáid as *tábla* chun an bogthaise a fháil ón difriocht sa teocht. Cad is bogthaise ann? (6)
 Conas is féidir le teocht an bholgáin *fhlíuch* a bheith níos ísele ná teocht an bholgáin thirim? (6)
 Dá dtaispeánfadh an dá theirmiméadar an teocht *chéanna*, cad a déarfadh sé sin linn? (6)



- (c) Bhain mac léinn úsáid as an ngaireas a thaispeántar sa léaráid chun scrúdú a dhéanamh ar an *athrú* a thagann ar *thoirt gáis* (aer) de réir *teochta*.
 (i) Cad iad na *tomhais* a dhéanfaí le linn an turgnaimh? (6)
 (ii) Conas a bhainfí úsáid as na tomhais seo? (6)
 (iii) Cén toradh nó *conclúid* a d'fhéadfaí a dhéanamh? (6)



[Thall]

11. GAIRNEOIREACHT. Freagair **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas, (a), (b), (c).

- (a) Sa ghrianghraif taispeántar crann úll *beangaithe*.
Ainmnigh planda, seachas an t-úll,
ar féidir é a *iomadú* trí bheangú. (3)



Déan cur síos, le léaráid lipéadaithe á húsáid agat, ar *phróiseas an bheangaithe* don phlanda atá ainmnithe agat. (12)

Ainmnigh an *fiochán planda* a bhfuil a fhás riachtanach le haghaidh beangú rathúil. (3)

(b) (i) Abair conas *glasra* ainmnithe a fhás go lánaibíocht. (12)

(ii) Tabhair **dhá** chúis a n-úsáidtear mótaí (*mulches*)? (6)

- (c) (i) Sa ghrianghraif taispeántar leitísí agus scailliúin á bhfás trí úsáid a bhaint as an hidreaponaic.

Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi. (6)

Tabhair *buntáiste amháin* a bhaineann le hidreaponaic a úsáid chun glasraí sailéid a tháirgeadh. (3)



(ii) Tabhair **trí** rud a chaithfear a dhéanamh nuair atá bláthanna á *mbaint* agus ansin nuair atá *aire* á tabhairt do na bláthanna gearrtha. (9)


12. EOLAÍOCHT NA nÁBHAR. Freagair an **dá** chuid, (a) agus (b).

(a) Úsáidtear plaistigh, miotail, teicstílí agus uaireanta adhmad i ndéantúsaíocht gluaisteán.

Roghnaigh **trí** cinn de na hábhair atá ainmnithe thuas agus

(i) ainmnigh *páirt* de ghluaisteán a dhéantar as gach ceann, faoi seach, de na hábhair roghnaithe,

(ii) tabhair *airí* atá ag gach ábhar faoi seach a roghnaigh tú, a dhéanann *oiriúinach* é don úsáid a bhaintear as.



(18)

(b)

(i) PLAISTIGH

Tabhair breac-chuntas ar an **dá** chéim i dtáirgeadh na bplaisi teach ó ola. (6)

Déan cur síos ar thurgnamh chun a thaispeáint gur *inslitheoirí* maithe teasa iad na plaistigh. (12)

(ii) MIOTAIL

Ainmnigh **dhá mhiotal neamh-imoibríocha** is féidir a fháil mar *dhúile* i screamh an Domhain. (6)

Déan cur síos ar thurgnamh chun *cruas* dhá mhiotal a chur i gcomparáid le chéile. (12)

(iii) TEICSTÍLÍ

Cad is brí le ‘*ionsúiteacht*’?

Ainmnigh teicstíl a bhfuil ionsúiteacht mhaith inti. (6)

Déan cur síos ar thurgnamh chun *ionsúiteacht* dhá theicstíl éagsúla a chur i gcomparáid le chéile. (12)

(iv) ADHMAD

Tabhair **dhá** shlí chun adhmad a *chosaint*. (6)

Déan cur síos ar thurgnamh chun *neart lúbtha* dhá lata adhmaid a chur i gcomparáid le chéile. (12)

[Thall]

13. BIA. Freagair **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas, (a), (b), (c).

- (a) Sa ghnáth-cháis chéadair tá thart ar 25% próitén, 0.1% carbaihiodráit, 34.4% saill agus soláthraíonn sí 88% den mhéid molta laethúil (RDA) cailciam in aghaidh 100 g cáise.



Roghnaigh **dhá chineál bia** atá i láthair i gcáis agus luaigh na *róil* atá acu i gcothú na sláinte.

(6)

Tabhair breac-chuntas ar na príomhchéimeanna i *ndéantúsaíocht* cáise. (12)

- (b) (i) Is minic a chuirtear ceimiceáin, ar a dtugtar *breiseán*, le bia.

Tabhair *buntáiste amháin* agus *míbhuntáiste amháin* a bhaineann le húsáid breiseán i mbia. (6)

Tá E 110 agus E 124 i meascán spíosraí a úsáidtear san ollmhargadh chun feolta agus éisc a mharanáidiú.

Cad is brí leis an réimír ‘E’? (3)

Cén *cineál* breiseán iad E 110 agus E 124? (3)

- (ii) Tabhair *cúis amháin* agus *iarmhaint amháin* a bhaineann le gorta. (6)

- (c) Sa ghrianghraf taispeántar rogha de bhianna úrchaomhnaithe (*leasaithe*).

Tabhair **dhá** chúis go ndéantar úrchaomhnú ar bhianna. (6)

Déan cur síos ar *phaistéarachán*. (12)




14. LEICTREONAIC. Freagair an dá chuid, (a) agus (b).

- (a) Sa léaráid chiorcaid taispeántar ceallra, bolgán agus comhbhall A.

Ainmnigh comhbhall A agus luaign cén chainníocht leictreach a cheadaíonn sé a athrú sa chiorcad seo. (6)

Cad iad na *hiarmhairtí*, más ann dóibh, ar *ghile* an bholgáin, a bhíonn ag coigeartuithe (athruithe) ar A? (3)




Tabhair gnáthúsáid laethúil atá ag an gcineál seo ciorcaid. (3)

An bhfuil na comhbhaill sa chiorcad seo *i sraithcheangal* nó *i dtreoccheangal*? (3)

Dá *malartófai* polaraíocht an cheallra, sa chiorcad, an mbeadh *tionchar* ar bith aige ar oibriú an chiorcaid? (3)

- (b) Is trasraitheoir (NPN) é an comhbhall a thaispeántar sa léaráid.

Tarraing léaráid de thaobh íochtarach an chomhbhaill, ina mbeidh an *chlib* ar taispeáint agus **dhá theirminéal** lipéadaithe go soiléir. (6)




Is le haghaidh rabhadh *seaca* i dteach gloine an léaráid chiorcaid seo. Is *cineál* friotóra é comhbhall B, le hairí *áirithe* aige.

Ainmnigh an *cineál* seo friotóra agus luaign an t-airí *áirithe* atá aige. (6)


Ainmnigh comhbhall C. (3)

Cad a tharlaíonn do chomhbhall C nuair a thíteann an teocht go teocht seaca? (3)



15. TIONTUITHE FUINNIMH. Freagair an dá chuid, (a) agus (b).

- (a) Sa léaráid taispeántar gléasra i láithreán siamsa.
Faigheann daoine marcaíocht i bhfeithicil ar bhealach a théann síos agus suas.



Sainaithin an pointe (A, B etc. ar an léaráid) ag a bhfuil siad seo ag an bhfeithicil agus ag na paisinéirí:

- (i) *fuinneamh poitéinsiúil* den chuid is mó
- (ii) timpeall an méid céanna d'fhuinneamh cinéiteach agus d'fhuinneamh poitéinsiúil
- (iii) fuinneamh cinéiteach *den chuid is mó*
- (iv) fuinneamh cinéiteach agus é á *athrú* go fuinneamh poitéinsiúil. (12)

(Nóta: is leor pointe **amháin**, i do fhreagra, do gach ceann díobh sin thuas.)

Glaoitear fuinneamh poitéinsiúil imtharraingteach ar an bhfuinneamh poitéinsiúil sa sampla seo. Ainmnigh **dhá chineál eile** fuinnimh phoitéinsiúil (fuinneamh taiscthe). (6)

- (b) Sa léaráid taispeántar cloigín leictreach.

Tabhair na *hathruithe fuinnimh* a tharlaíonn (i) nuair a ghabhann sruth leictreach trí an leictreamaighnéad, (ii) nuair a bhuaileann an casúr an gang. (12)

Cén fáth a leanann an casúr air ag bualadh an ghanga fad atá soláthar leictreachais ann? (6)

